BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Tríú Dlísheomra)

1 Lúnasa 2025 *

(Tarchur chun réamhrialú – Maoin intleachtúil – Trádmharcanna – Treoir (AE) 2015/2436 – Comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trádmharcanna – Airteagal 10(3)(b) – Cearta a thugtar leis an trádmharc – An ceart chun toirmeasc a chur ar thríú páirtí na hearraí a thairiscint, iad a chur ar an margadh nó a stocáil chun na gcríoch sin faoin gcomhartha – Trádáil ar líne – Earraí a thairgtear lena ndíol ó Bhallstát seachas Ballstát ina bhfuil an trádmharc cláraithe – Coincheap ‘stocáil’)

I gCás C-76/24,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Bundesgerichtshof (Cúirt Bhreithiúnais na Cónaidhme, an Ghearmáin), trí bhreith an 23 Eanáir 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 1 Feabhra 2024, sna himeachtaí

Tradeinn Retail Services S.L.

v

PH,

tugann AN CHÚIRT (an Tríú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: C. Lycourgos, Uachtarán Dlísheomra, S. Rodin, N. Piçarra, O. Spineanu-Matei (Rapóirtéir) agus N. Fenger, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: D. Spielmann,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– PH, ag T. Kiphuth agus N. Tretter, Rechtsanwälte,

– an Coimisiún Eorpach, ag P. Němečková agus G. von Rintelen, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht leTuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 27 Márta 2025,

* Teanga an cháis: an Ghearmáinis.

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 10(3)(b) de Threoir (AE) 2015/2436 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trádmharcanna (IO 2015 L 336, lch. 1).

2 Rinneadh an iarraidh in imeachtaí idir Tradeinn Retail Services S.L. ('TRS') agus PH, dílseánach trádmharcanna de chuid na Gearmáine le haghaidh gairis agus gabhálais tumadóireachta, maidir le caingean le haghaidh urghaire i gcoinne úsáid marcanna atá comhionann leis na marcanna sin do ghabhálais tumadóireachta.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

3 Foráiltear le hAirteagal 10 de Threoir 2015/2436, dar teideal 'Cearta arna dtabhairt leis an trádmharc', mar seo a leanas:

'1. Le clárú trádmhairc, tabharfar cearta eisiacha don dílseánach ann.

2. Gan dochar do chearta dílseánach a gnóthaíodh roimh dháta comhdaithe nó roimh dháta tosaíochta an trádmhairc a cláraíodh, beidh dílseánach an trádmhairc sin i dteideal toirmeasc a chur ar gach tríú páirtí nach bhfuil toiliú an dílseánaigh aige úsáid a bhaint as aon chomhartha i gcúrsa trádála, maidir le hearraí nó seirbhísí, más rud é:

(a) go bhfuil an comhartha comhionann leis an trádmharc agus go mbaintear úsáid as maidir le hearraí nó le seirbhísí atá comhionann leo siúd a bhfuil an trádmharc cláraithe ina leith;

(b) go bhfuil an comhartha comhionann leis nó cosúil leis an trádmharc agus go mbaintear úsáid as maidir le hearraí nó seirbhísí atá comhionann nó cosúil leis na hearraí nó seirbhísí ar cláraíodh an trádmharc ina leith, más rud é gur dócha go mbeadh mearbhall ar an bpobal; áirítear leis an dóchúlacht mearbhaill an dóchúlacht comhthiomsaithe idir an comhartha agus an trádmharc;

(c) go bhfuil an comhartha comhionann leis nó cosúil leis an trádmharc is cuma cé acu an mbaintear nó nach mbaintear úsáid as maidir le hearraí nó le seirbhísí atá comhionann leo siúd, cosúil leo siúd, nó neamhchosúil leo siúd ar cláraíodh an trádmharc ina leith, más rud é go bhfuil clú ar an gceann deireanach sin san Aontas agus más rud é go mbaineann úsáid an chomhartha sin gan cúis chuí buntáiste éagórach as saintréith nó clú an trádmhairc, nó go ndéanann sé dochar dóibh.

3. Más rud é go gcomhlíontar na coinníollacha arna leagan amach i mír 2, féadfar an méid seo a leanas, go háirithe, a thoirmeasc:

(a) an comhartha a ghreamú ar na hearraí nó ar phacáistíocht na n-earraí sin;

(b) na hearraí a thairiscint, a chur ar an margadh, nó a stocáil chun na gcríoch sin faoin gcomhartha, nó seirbhísí a thairiscint nó a sholáthar faoi;

[…]

(e) an comhartha a úsáid ar pháipéir ghnó agus i bhfógraíocht;

[…]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Gearmáine

4 Le hAirteagal 14(2) agus (3) den Gesetz über den Schutz von Marken und sonstigen Kennzeichen – Markengesetz (an Dlí maidir le trádmharcanna agus comharthaí sainiúla eile a chosaint) an 25 Deireadh Fómhair 1994 (BGBl. 1994 I, lch. 3082), arna leasú leis an Gesetz zur Umsetzung der Richtlinie (EU) 2015/2436 des Europäischen Parlaments und des Rates vom 16. Dezember 2015 zur Angleichung der Rechtsvorschriften der Mitgliedstaaten über die Marken (Markenrechtsmodernisierungsgesetz) (an Dlí lena dtrasuítear Treoir 2015/2436), an 11 Nollaig 2018 (BGBl. 2018 I, lch. 2357) ('MarkenG'), féachtar le hAirteagal 10(2) agus (3) de Threoir 2015/2436 a thrasuí i ndlí na Gearmáine.

5 Faoin gcéad fhomhír d'Airteagal 14(2)(1) de MarkenG, tá toirmeasc ar thríú páirtithe, in éagmais thoiliú dhílseánach an trádmhairc, úsáid a bhaint, i gcúrsaí trádála, i ndáil le hearraí nó le seirbhísí, as aon chomhartha atá comhionann leis an trádmharc i ndáil le hearraí nó seirbhísí atá comhionann leo siúd a bhfuil an trádmharc faoi chosaint ina leith.

6 I gcomhréir le pointí 1, 2 agus 6 d'Airteagal 14(3) de MarkenG, má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 den Airteagal sin, cuirtear toirmeasc, go háirithe, ar chomhartha atá comhionann leis an trádmharc atá i gceist a chur ar earraí nó dá gcur i láthair nó dá bpacáistíocht, ar earraí a thairiscint, a chur ar an margadh nó a stocáil chun na gcríoch sin faoin gcomhartha, nó an comhartha a úsáid ar pháipéir ghnó nó i bhfógraíocht.

7 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 14(5) den MarkenG:

'Féadfaidh dílseánach an trádmhairc caingean a thabhairt le haghaidh urghaire i gcoinne aon duine a úsáideann comhartha de shárú ar mhíreanna 2 go 4, i gcás riosca go ndéanfar sárú arís. Tá an ceart sin ann freisin nuair atá baol ann go dtarlóidh sárú den chéad uair.'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

8 Is é PH dílseánach an dá mharc fíortha de chuid na Gearmáine seo a leanas, lena n-áirítear freisin eilimintí focal ('na marcanna atá i gceist'):





9 Cláraíodh na trádmharcanna atá i gceist leis an Deutsches Patent- und Markenamt (Oifig Paitinní agus Trádmharcanna na Gearmáine, an Ghearmáin) le haghaidh, *inter alia*, fearais tumadóireachta, cultacha tumadóireachta, lámhainní tumadóireachta, maisc thumadóireachta agus fearais análaithe le haghaidh snámh faoi uisce.

10 Rinne TRS fógraíocht, atá bunaithe sa Spáinn, ar a shuíomh gréasáin www.scubastore.com agus trí ardán trádála ar líne www.amazon.de, i leith díol gabhálas tumadóireachta, agus úsáid á baint as comharthaí atá comhionann leis na marcanna atá i gceist, go háirithe trí ghrianghraif d'earraí a bhfuil na comharthaí sin orthu.

11 Thug PH caingean os comhair Landgericht Nürnberg-Fürth (an Chúirt Réigiúnach, Nuremberg-Fürth, an Ghearmáin) ag iarraidh, *inter alia*, go gcuirfí toirmeasc ar TRS comharthaí atá comhionann leis na comharthaí atá i gceist sa Ghearmáin a úsáid. Go háirithe, d'iarr PH go gcuirfí toirmeasc ar TRS na comharthaí sin a chur ar ghabhálais tumadóireachta, ar a gcur i láthair nó ar a bpacáistíocht, agus gabhálais tumadóireachta a thairiscint, a mhonarú, a dháileadh nó a chur ar an margadh ar bhealach eile agus iad a chur chun cinn nó a shealbhú chun na gcríoch sin faoi na comharthaí sin.

12 Le breithiúnas an 3 Feabhra 2022, chinn Landgericht Nürnberg-Fürth (an Chúirt Réigiúnach, Nuremberg-Fürth), i ndiaidh di a dhearbhú gur aithin TRS leis na héilimh sin i bpáirt, *inter alia*, ordú a thabhairt do TRS scor de ghabhálais tumadóireachta ar a bhfuil comharthaí atá comhionann leis na comharthaí atá i gceist a thairiscint lena ndíol nó a chur chun cinn.

13 Ar achomharc ó PH, chinn Oberlandesgericht Nürnberg (an Ard-Chúirt Réigiúnach, Nuremberg, an Ghearmáin), le breithiúnas an 29 Samhain 2022, nár chuir an fíoras gur bunaíodh TRS sa Spáinn agus go raibh na hearraí lena mbaineann i seilbh aige sa Bhallstát sin toirmeasc ar an ngnóthas sin a bheith ciontaithe as seilbh neamhdhleathach earraí ar a bhfuil comharthaí atá comhionann leis na marcanna sin chun iad a thairiscint nó a chur ar an margadh sa Ghearmáin. D'ordaigh an chúirt sin do TRS scor de ghabhálais tumadóireachta ar a bhfuil na comharthaí sin a thairiscint lena ndíol nó a chur chun cinn 'agus iad a dháileadh nó a shealbhú chun na críche sin'.

14 Chun agóid a dhéanamh i gcoinne an leathnaithe sin ar raon feidhme na hurghaire a deonaíodh ag an gcéad chéim, rinne TRS achomharc ar phointe dlí i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair an Bundesgerichtshof (an Chúirt Bhreithiúnais Chónaidhme, an Ghearmáin), arb í an chúirt a rinne an tarchur.

15 De réir na cúirte sin, áirítear le sealbhú táirgí chun iad a thairiscint nó iad a chur ar an margadh, dá dtagraítear in Airteagal 14(3)(2) den MarkenG, gné ábhartha, ina bhfuil seilbh, agus gné a bhaineann leis an intinn, eadhon an rún chun na táirgí sin a thabhairt isteach sa mhargadh.

16 Cuireann an chúirt a rinne an tarchur amhras in iúl maidir le léiriú na forála sin i bhfianaise Airteagal 10(3)(b) de Threoir 2015/2436.

17 Sa chéad áit, sonraíonn an chúirt sin, faoi phrionsabal an chríochachais, go bhfuil cosaint ar thrádmhairc atá cláraithe sa Ghearmáin teoranta do chríoch an Bhallstáit sin agus nach bhféadfar aon gníomhartha a phionósú ach amháin gníomhartha a dhéanfar sa chríoch sin. Fiafraíonn sí, i bhfianaise phrionsabal an chríochachais sin, an gceadaítear le hAirteagal 10(3)(b) de Threoir 2015/2436 do dhílseánach trádmhairc atá faoi chosaint i mBallstát amháin toirmeasc a chur ar thríú páirtí earraí ar a bhfuil comhartha atá comhionann leis an trádmharc sin a shealbhú i mBallstát eile, ar an bhforas go bhfuil sé beartaithe na hearraí sin a thairiscint lena ndíol nó a chur ar an margadh sa Bhallstát ina bhfuil an trádmharc sin faoi chosaint.

18 De réir na cúirte sin, d'fhéadfadh dhá léiriú a bhaint as an bhforáil sin. De réir an chéad léirithe, bunaithe ar phrionsabal an chríochachais, nach sárófaí an trádmharc lena mbaineann le seilbh earraí faoin gcomhartha sin i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil an comhartha faoi chosaint, fiú más rud é go bhfuil na hearraí á sealbhú lena ndíol nó na hearraí sin a chur ar an margadh sa Bhallstát ina bhfuil an comhartha faoi chosaint.

19 De réir an dara léiriú, déantar sárú ar thrádmharc náisiúnta i gcás ina bhfuil na hearraí lena mbaineann á sealbhú i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil an trádmharc faoi chosaint, d'fhonn iad a thairiscint lena ndíol nó iad a chur ar an margadh, faoin gcomhartha sin, sa Bhallstát ina bhfuil an trádmharc faoi chosaint.

20 Sa dara háit, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gá úsáid an bhriathair *besitzen* (stocáil) sa leagan Gearmáinise d'Airteagal 10(3)(b) de Threoir 2015/2436 a léiriú sa chaoi go gceanglaítear leis an bhforáil sin ar thríú páirtí rochtain dhíreach a bheith aige ar na hearraí lena mbaineann nó an leor go mbeadh an tríú páirtí sin in ann tionchar a imirt ar an duine a bhfuil an rochtain sin aige.

21 I ndáil leis sin, sonraíonn an chúirt sin, faoi dhlí na Gearmáine, go bhfuil raon feidhme leathan ag an gcoincheap '*Besitz*' (stocáil, nó seilbh) agus go gcuimsíonn sé 'seilbh dhíreach' agus 'seilbh indíreach' araon. Tagraíonn seilbh dhíreach do chumhacht *de facto* ar rud a chríochnaíonn nuair a thréigeann nó nuair a chailleann an sealbhóir smacht iarbhír ar an rud sin. I gcás ina bhfuil rud éigin i seilbh ag duine go sealadach de bhua cirt nó oibleagáide i ndáil le tríú páirtí, déantar an tríú páirtí sin a aicmiú mar 'shealbhóir indíreach'. Dá bhrí sin, nuair a dhéanann díoltóir an t-earra a dhíoltar a sheachadadh chuig iompróir, is sealbhóir díreach é an t-iompróir agus is sealbhóir indíreach é an díoltóir sin.

22 Más rud é, faoi dhlí na Gearmáine, go bhféadfar TRS a aicmiú mar shealbhóir indíreach, tá amhras ar an gcúirt sin más amhlaidh an cás le hAirteagal 10(3)(b) de Threoir 2015/2436. Tugann sí dá haire, i ndáil leis sin, nach n-úsáidtear téarmaí i ngach leagan teanga i reachtaíocht an Aontais maidir le trádmharcanna a bhfuil an bhrí chéanna leo agus atá ag an mbriathar *besitzen*. Úsáidtear téarmaí i leaganacha teanga áirithe a thagraíonn, go bunúsach, do stóráil seachas do sheilbh, rud a thugann le tuiscint gurb ann do rochtain dhíreach ar na táirgí lena mbaineann. Mar sin féin, ní chuireann an chúirt a rinne an tarchur as an áireamh go bhféadfaí a thuiscint ó chásdlí na Cúirte go mbaineann raon feidhme Airteagal 10(3)(b) de Threoir 2015/2436 le sealbhóir indíreach na n-earraí sin.

23 Sna himthosca sin, chinn an Bundesgerichtshof (Cúirt Bhreithiúnais na Cónaidhme) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘(1) An féidir le sealbhóir [dílseánach] trádmhairc náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 10(3)(b) de [Threoir 2015/2436], toirmeasc a chur ar dhuine thar lear earraí a sháraíonn an trádmharc a bheith ina sheilbh d’fhonn na hearraí a thairiscint nó chun iad a mhargú sa tír ina bhfuil an trádmharc faoi chosaint?

(2) Maidir le coincheap na stocála de réir bhrí Airteagal 10(3)(b) de [Threoir 2015/2436], an mbraitheann sé ar fhéidearthacht iarbhír rochtain ar earraí a sháraíonn trádmharc nó an leor an fhéidearthacht a bheith in ann tionchar a imirt ar an duine a bhfuil rochtain iarbhír aige ar na hearraí sin?’

Na ceisteanna le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist

24 Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 10(3)(b) de Threoir 2015/2436 a léiriú sa chaoi go bhféadfaidh dílseánach trádmhairc atá faoi chosaint i mBallstát amháin toirmeasc a chur ar thríú páirtí earraí a bheith ina sheilbh, i gcríoch Bhallstáit eile, faoi chomhartha sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal 10(2) den Treoir sin chun na hearraí sin a thairiscint lena ndíol nó chun iad a chur ar an margadh sa Bhallstát ina bhfuil an trádmharc sin faoi chosaint.

25 Chun an cheist sin a fhreagairt, agus foráil de dhlí an Aontais a léiriú, ba cheart ní hamháin foclaíocht na forála a mheas, ach a comhthéacs freisin mar aon leis na cuspóirí atá á saothrú leis na rialacha ar cuid díobh í an fhoráil sin (breithiúnais an 17 Samhain 1983, *Merck*, 292/82, EU:C:1983:335, mír 12, agus an 8 Bealtaine 2025, *L. (Coinsíneachtaí beaga neamhthrách tála)*, C-405/24, EU:C:2025:335, mír 28).

26 Foráiltear le hAirteagal 10(3)(b) de Threoir 2015/2436, arna léamh i gcomhar le mír 2 den Airteagal sin, go bhféadfaidh dílseánach trádmhairc toirmeasc a chur ar gach tríú páirtí nach bhfuil a thoiliú aige úsáid a bhaint i gcúrsaí trádála as aon chomhartha a sháraíonn an trádmharc, agus go n-áirítear i measc na n-úsáidí a d’fhéadfaí a thoirmeasc dá bhrí sin ‘na hearraí a thairiscint, a chur ar an margadh, nó a shealbhú chun na gcríoch sin faoin gcomhartha, nó seirbhísí a thairiscint nó a sholáthar faoi’.

27 Mar is léir ón bhfoclaíocht sin, chun go mbeidh dílseánach an trádmhairc sin in ann seilbh earraí faoin gcomhartha sin a thoirmeasc, ní mór don tríú páirtí a bhfuil na hearraí sin ina sheilbh aige an cuspóir maidir leis na hearraí sin a thairiscint nó a chur ar an margadh a shaothrú é féin (féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Coty Germany*, C-567/18, EU:C:2020:267, mír 45).

28 Os a choinne sin, níl aon léiriú sainráite san fhoclaíocht sin maidir leis an bhféidearthacht atá ag dílseánach trádmhairc atá cláraithe i mBallstát toirmeasc a chur ar thríú páirtí earraí a bheith ina sheilbh faoin gcomhartha sin i gcríoch Bhallstáit eile.

29 Maidir le hAirteagal 10(3)(b) de Threoir 2015/2436, ba cheart a mheabhrú go bhfuil an chosaint a thugtar trí mharc náisiúnta a chlárú teoranta, i bprionsabal, do chríoch an Bhallstáit ina bhfuil sé cláraithe, ionas nach féidir lena dhílseánach, mar riail ghinearálta, brath ar an gcosaint sin lasmuigh den chríoch sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 22 Meitheamh 1994, *IHT Internationale Heiztechnik agus Danzinger*, C-9/93, EU:C:1994:261, mír 22, agus an 19 Aibreán 2012, *Wintersteiger* C-523/10, EU:C:2012:220, mír 25).

30 Maidir le cuspóir an chirt eisiach a thugtar le clárú trádmhairc faoi Airteagal 10(1) de Threoir 2015/2436, is é atá i gceist leis ná a chur ar chumas dhílseánach an trádmhairc lena mbaineann a leasanna sonracha mar dhílseánach an trádmhairc sin a chosaint, is é sin, a áirithiú go bhféadfaidh an trádmharc a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, ní mór feidhmiú an chirt sin a fhorchoimeád do chásanna ina ndéantar nó inar dócha go ndéantar feidhmeanna an trádmhairc a shárú le húsáid a bhain tríú páirtí as an gcomhartha (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Samhain 2002, *Arsenal Football Club* C-206/01, EU:C:2002:651, míreanna 50 go 54). Áirítear i measc na bhfeidhmeanna sin, ní hamháin feidhm bhunriachtanach an trádmhairc chun tionscnamh na n-earraí nó na seirbhísí a ráthú do thomhaltóirí, ach freisin feidhmeanna eile an trádmhairc sin, amhail, go háirithe, cáilíocht na n-earraí nó na seirbhísí sin a ráthú, nó feidhmeanna cumarsáide, infheistíochta nó fógraíochta (breithiúnas an 25 Eanáir 2024, *Audi (Eilimint feiste le haghaidh suaitheantas ar ghríl radaitheora)*, C 334/22, EU:C:2024:76, mír 42 agus an cásdlí dá dtagraítear).

31 Tá roinnt iarmhairtí ag an gcuspóir sin agus ag raon feidhme geografach na cosanta a thugtar leis an trádmharc maidir le léiriú Airteagal 10(3)(b) de Threoir 2015/2436.

32 Sa chéad áit, tá dílseánach trádmhairc náisiúnta i dteideal toirmeasc a chur ar thríú páirtí earraí a chur ar an margadh, sa Bhallstát ina bhfuil an trádmharc cláraithe, ar earraí iad a sháraíonn a n-úsáid an trádmharc sin, ar an tuiscint, áfach, nach meastar gur cuireadh na hearraí sin ar an margadh má tá siad faoi réir nós imeachta custam fionraíochta amhail nós imeachta idirthurais seachtrach agus nár scaoileadh i saorchúrsaíocht iad (féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Samhain 2006, *Montex Holdings*, C-281/05, EU:C:2006:709, míreanna 19 go 21 agus an cásdlí dá dtagraítear).

33 Sa dara háit, féadfaidh dílseánach trádmhairc náisiúnta toirmeasc a chur ar thríú páirtí earraí a thairiscint faoin gcomhartha sin i gcríoch an Bhallstáit ina bhfuil an trádmharc cláraithe. Dá bhrí sin, féadfaidh dílseánach an trádmhairc cur i gcoinne tairiscint den sórt sin, lena n-áirítear i gcás a bhaineann le hearraí a cuireadh faoin nós imeachta idirthurais sheachtraigh ar choinníoll gur gné riachtanach é scaoileadh na n-earraí sin i saorchúrsaíocht na dtáirgí sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Deireadh Fómhair 2005, *Class International*, C-405/03, EU:C:2005:616, mír 61).

34 Ina theannta sin, chinn an Chúirt go bhféadfaidh dílseánach trádmhairc toirmeasc a chur ar thríú páirtí earraí a thairiscint, *inter alia*, trí fhógraíocht ar líne, faoin gcomhartha sin, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil an tríú páirtí sin, freastalaí an tsuímh gréasáin a úsáideann sé nó na hearraí sin lonnaithe lasmuigh de Bhallstát an chlárúcháin, má tá an tairiscint nó an fhógraíocht sin dírithe ar thomhaltóirí i gcríoch an Bhallstáit sin. Mura ndéanfaí amhlaidh, sháródh oibreoirí a úsáideann ríomhthráchtáil agus a thairgeann earraí do thomhaltóirí sa chríoch sin lasmuigh den chríoch sin aon oibleagáid chun na cearta a thugtar leis an trádmharc sin a chomhlíonadh, rud a bhainfeadh an bonn d'éifeachtacht na cosanta a ráthaítear le Treoir 2015/2436 (féach, chuige sin, breithiúnais an 12 Iúil 2011, *L'Oréal agus páirtithe eile*, C-324/09, EU:C:2011:474, míreanna 62 agus 63, agus an 6 Feabhra 2014, *Blomqvist*, C-98/13, EU:C:2014:55, mír 32 agus an cásdlí dá dtagraítear).

35 Shonraigh an Chúirt nach leor ann féin gur féidir rochtain a fháil ar shuíomh gréasáin i gcríoch an Bhallstáit ina bhfuil an trádmharc lena mbaineann faoi chosaint chun teacht ar an gconclúid go bhfuil na tairiscintí díolacháin a thaispeántar ar an suíomh gréasáin sin beartaithe do thomhaltóirí atá lonnaithe sa chríoch sin. Is faoi na cúirteanna náisiúnta atá sé measúnú a dhéanamh ar bhonn cás ar chás an bhfuil aon tásca ábhartha ann chun teacht ar an gconclúid go bhfuil tairiscint díolacháin, atá ar taispeáint ar shuíomh gréasáin nó ar ardán díolacháin ar líne atá inrochtana sa chríoch sin dírithe ar thomhaltóirí sa chríoch sin. Áirítear sna tásca sin tásc, sa tairiscint sin, maidir le sonraí na limistéar geografach a bhfuil an tríú páirtí lena mbaineann sásta na hearraí atá i gceist a sheoladh chucu (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Iúil 2011, *L'Oréal agus páirtithe eile*, C-324/09, EU:C:2011:474, míreanna 64 agus 65).

36 Ar deireadh, sa tríú háit, ceadaítear le hAirteagal 10(3)(b) de Threoir 2015/2436 do dhílseánach trádmhairc toirmeasc a chur ar thríú páirtí ní hamháin earraí a thairiscint agus a chur ar an margadh faoi chomhartha a sáraíonn a úsáid an trádmhairc sin, ach freisin ‘a shealbhú chun na gcríoch sin’, mar a mheabhraítear i míreanna 26 agus 27 den bhreithiúnas. Dá bhrí sin, ní dhéantar tagairt san fhoráil sin do sheilbh earraí den sórt sin ag tríú páirtí ach amháin más réamhriachtanas é chun iad a thairiscint nó a chur ar an margadh a bhfuil dílseánach trádmhairc i dteideal a thoirmeasc.

37 Mar is léir ó mhír 34 den bhreithiúnas seo, féadfaidh dílseánach trádmhairc toirmeasc a chur ar thríú páirtí earraí a thairiscint, *inter alia*, trí fhógraíocht ar líne, faoin gcomhartha sin d’ainneoin go bhfuil an tríú páirtí sin, freastalaí an tsuímh gréasáin a úsáideann sé nó na hearraí sin lonnaithe lasmuigh den Bhallstát ina bhfuil an comhartha cláraithe, má tá an tairiscint sin beartaithe do thomhaltóirí i gcríoch an Bhallstáit sin. I gcás den sórt sin, tá an dílseánach sin i dteideal toirmeasc a chur ar an tríú páirtí sin na hearraí sin a shealbhú lasmuigh den chríoch sin más réamhchéim í an tseilbh sin chun tairiscint den sórt sin a dhéanamh nó a cur chun feidhme, agus mar thoradh air sin go bhféadfaí a mheas go ndearnadh í chun na críche sin.

38 Sa chás seo, is léir ón bhfaisnéis a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar fáil, sa chás sna príomhimeachtaí, go ndealraíonn sé, in éagmais aon fhianaise dá mhalairt, go bhfuil an t-ardán trádála ar líne www.amazon.de dírithe ar thomhaltóirí atá lonnaithe sa chríoch a chumhdaítear leis na marcanna atá i gceist (féach, chuige sin, breithiúnais an 7 Nollaig 2010, *Pammer et Hotel Alpenhof*, C-585/08 agus C-144/09, EU:C:2010:740, mír 83, agus an 12 Iúil 2011, *L'Oréal agus páirtithe eile*, C-324/09, EU:C:2011:474, mír 66). Dá bhrí sin, tagann na tairiscintí díolacháin atá ar an ardán sin agus dá dtagraítear sna príomhimeachtaí, faoi réir na bhfíoruithe atá le déanamh ag an gcúirt a rinne an tarchur, faoi raon feidhme Airteagal 10(3)(b) de Threoir 2015/2436.

39 I bhfianaise na mbreithnithe sin go léir, is é an freagra ar an gcéad cheist nach mór Airteagal 10(3)(b) de Threoir 2015/2436 a léiriú sa chaoi go bhféadfaidh dílseánach trádmhairc atá faoi chosaint i mBallstát amháin toirmeasc a chur ar thríú páirtí earraí a bheith ina sheilbh, i gcríoch Bhallstáit eile, faoi chomhartha sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal 10(2) den Treoir sin chun na hearraí sin a thairiscint lena ndíol nó chun iad a chur ar an margadh sa Bhallstát ina bhfuil an trádmharc sin faoi chosaint.

An dara ceist

40 Lena dara ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 10(3)(b) de Threoir 2015/2436 a léiriú sa chaoi, maidir le hearraí a 'shealbhú', de réir bhrí na forála sin, faoi chomhartha sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal 10(2) den Treoir sin, an gá rialú díreach agus iarbhír a bheith ar na hearraí sin nó an leor rialú nó treorú a bheith ar an duine a bhfuil smacht díreach agus iarbhír aige ar an earra sin.

41 Chuir an chúirt sin in iúl go n-eascraíonn an t-amhras a thugann údar lena dara ceist as an éagsúlacht idir na leaganacha teanga éagsúla d'Airteagal 10(3)(b). D'fhéadfaí an leagan Gearmáinise den fhoráil sin a léiriú sa chaoi nach gciallaíonn earra 'a shealbhú' go bhfuil rochtain aige air, cé go n-úsáidtear nathanna a thugann a mhalairt le fios i leaganacha teanga eile den fhoráil sin.

42 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, cé go dtagraítear do sheilbh sa leagan Gearmáinise (*besitzen*), Fraincise (*détenir*), agus Rómáinise (*deținute*) d'Airteagal 10(3)(b) de Threoir 2015/2436, go n-úsáidtear leaganacha teanga eile den fhoráil sin a thagraíonn do choincheap na stórála nó an trádstórála, amhail iad siúd a úsáidtear sa leagan Spáinnise (*almacenar*), Danmhairgise (*oplagre*), Béarla (*stocking*), Iodáilise (*stoccare*) nó Sualainnise (*lagra*). Dá bhrí sin, d'fhéadfaí a thabhairt le tuiscint leis na nathanna sin go dtagraíonn an fhoráil sin do stóráil raon earraí, cé nach dtugtar gné chainníochtúil den sórt sin le fios leis an nath 'seilbh' agus go bhfuil brí níos leithne leis.

43 I gcomhréir le cásdlí socair, i gcás ina bhfuil éagsúlacht idir na leaganacha teanga d'fhoráil de dhlí an Aontais, ní mór an fhoráil sin a léiriú trí thagairt a dhéanamh do scéim ghinearálta agus do chuspóir na reachtaíochta ar cuid di í (breithiúnais an 27 Márta 1990, *Cricket St Thomas*, C-372/88, EU:C:1990:140, mír 19, agus an 8 Bealtaine 2025, *Pielatak*, C-410/23, EU:C:2025:325, mír 58 agus an cásdlí dá dtagraítear). Thairis sin, i gcás gur féidir roinnt léirithe a dhéanamh ar fhoráil amháin de dhlí an Aontais, ní mór tús áite a thabhairt don léiriú lena n-áirithítear go gcoinníonn an fhoráil a héifeachtacht (breithiúnais an 24 Feabhra 2000, *an Coimisiún* v *an Fhrainc*, C-434/97, EU:C:2000:98, mír 21, agus an 23 Samhain 2023, *EVN Business Service agus páirtithe eile*, C-480/22, EU:C:2023:918, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

44 D'ainneoin na n-éagsúlachtaí teanga dá dtagraítear i mír 42 den bhreithiúnas seo, ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcomhthéacs Airteagal 10(3)(b) de Threoir 2015/2436, go dtugtar le tuiscint le gach léiriú teanga, cibé acu a thagraíonn sé gan débhrí do sheilbh nó do choincheap na stórála nó na trádstórála, go bhfuil cumhacht *de facto* agus, dá bhrí sin, leibhéal áirithe rialaithe, ar na hearraí lena mbaineann. In aon chás, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 54 dá Thuairim, tá an fhoráil sin mar chuid d'fhorálacha atá ceaptha chun ionstraim dlí a chur ar fáil do dhílseánach trádmhairc lena gcuirtear ar a chumas aon iompar tríú páirtí a bhaineann úsáid as comhartha faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 10(2) den Treoir sin a thoirmeasc agus deireadh a chur leis dá bhrí sin. I ndáil leis sin, ní mór a mheas go bhfuil aon tríú páirtí a bhfuil rialú díreach nó indíreach aige ar an ngníomh arb é an t-iompar é in ann stop a chur leis an úsáid sin go héifeachtach (féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Coty Germany*, C-567/18, EU:C:2020:267, míreanna 37 agus 38 agus an cásdlí dá dtagraítear).

45 Dá bhrí sin, cumhdaítear leis an téarma ‘seilbh’ in Airteagal 10(3)(b) de Threoir 2015/2436 ní hamháin cásanna ina bhfuil rialú díreach agus iarbhír ag an tríú páirtí ar na hearraí lena mbaineann ach freisin cásanna ina bhfuil rialú indíreach ach éifeachtach aige ar na hearraí sin sa mhéid is go bhfuil rialú nó treorú aige ar an duine a bhfuil smacht díreach agus iarbhír aige ar na táirgí sin.

46 Dá mba rud é nach mbeadh an fhoráil sin infheidhme ach amháin maidir le tríú páirtí a bhfuil rialú díreach agus iarbhír aige ar na hearraí lena mbaineann, bheadh sé dodhéanta ar dhílseánach an trádmhairc urghaire a eisiúint i gcoinne oibreoir eacnamaíoch a thugann na hearraí, gan toiliú an dílseánaigh, chun iad sin a thairiscint nó a chur ar an margadh, chuig soláthraí seirbhíse ionas gur féidir leis an oibreoir sin seirbhísí a sholáthar amhail stóráil nó iompar na n-earraí sin chun na gcríoch sin. Bheadh léiriú den sórt sin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 62 dá Thuairim, ar neamhréir le cuspóir Threoir 2015/2436 agus bhainfí an éifeachtacht den chosaint a ráthaítear léi.

47 I bhfianaise na mbreithnithe sin, is é an freagra ar an dara ceist ná nach mór Airteagal 10(3)(b) de Threoir 2015/2436 a léiriú sa chaoi, d’fhonn earra ‘a shealbhú’, de réir bhrí na forála sin, faoi chomhartha sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal 10(2) den Treoir sin, is leor rialú nó treorú a bheith ar an duine a bhfuil smacht díreach agus iarbhír aige ar an earra sin.

Costais

48 Os rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Tríú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Maidir le hAirteagal 10(3)(b) de Threoir (AE) 2015/2436 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trádmharcanna**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   féadfaidh dílseánach trádmhairc atá faoi chosaint i mBallstát amháin toirmeasc a chur ar thríú páirtí earraí a shealbhú, i gcríoch Bhallstáit eile, faoi chomhartha sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal 10(2) den Treoir sin chun na hearraí sin a thairiscint lena ndíol nó chun iad a chur ar an margadh sa Bhallstát ina bhfuil an trádmharc sin faoi chosaint.

2. **Maidir le hAirteagal 10(3)(b) de Threoir 2015/2436,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   d'fhonn earra a 'shealbhú', de réir bhrí na forála sin, faoi chomhartha sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal 10(2) den Treoir sin, is leor cumhacht rialaithe nó stiúrtha a bheith ar an duine a bhfuil smacht díreach agus iarbhír aige ar an earra sin.

[Sínithe]